

Príomhtheachtaireachtaí do speisialtóirí galar tógálach in ospidéal

Cúraimí

- Áirítear iad seo a leanas leis na cúraimí atá ort maidir le húsáid antaibheathach a fheabhsú [31,56,68,71,83]:
 - Páirt a ghlacadh san fhoireann maoirseachta antaibheathach agus ról tábhachtach a imirt inti;
 - Obair i gcomhar le cógaiseoir an ospidéal agus leis an micribhitheolaí cliniciúil chun an clár maoirseachta antaibheathach a chur chun feidhme;
 - Dul i gcomhairle le hoideasóirí ospidéal agus aiseolas a thabhairt dóibh chun dea-cháilíocht an oideasaithe antaibheathach a chinntiú;
 - Oideachas a chur ar fáil d'oidreasóirí ospidéal ar conas ionfhabhtuithe coitianta a dhiagnóisiú agus a chóireáil agus ar phrionsabail mhaoirseachta antaibheathach;
 - Cur chun feidhme a dhéanamh ar threoirínthe fianaisebhunaithe an ospidéal um úsáid antaibheathach le haghaidh ionfhabhtuithe coitianta agus próifíolacsas máinliachta;
 - Faisnéis a chomhroinnt faoi phatrúin áitiúla i micribhitheolaíocht agus i bhfrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach; agus
 - Foirmleoir antaibheathach d'ospidéal (i.e. an liosta drugaí atá ar fáil d'oidreasóirí) a bhainistiú.

Na nithe is féidir leat a dhéanamh nó na nithe ar féidir leat dul i mbun comhair ina leith

- Tacú le clár maoirseachta antaibheathach a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de d'eagraíocht [69].
- Cur chun cinn a dhéanamh ar threoirínthe áitiúla um ionfhabhtuithe a bhainistiú agus um antaibheathaigh a úsáid. Ba cheart rochtain éasca a bheith ag gach soláthraí cúram sláinte ar na treoirínthe sin [56,69].
- A sheiceáil go mbíonn oidis antaibheathach ag teacht le prótacail chóireála antaibheathach atá bunaithe ar threoirínthe fianaisebhunaithe. Má fheiceann tú baill foirne san ospidéal nó i suíomh cúram sláinte atá ag sárú treoirínthe nó prótacal, fiafraigh díobh cén fáth a bhfuil an méid sin á dhéanamh acu agus tabhair dóibh na hacmhainní a theastaíonn chun a thuiscint cá bhfuil siad ag dul ar strae [69] [comhdhearcaidh saineolaithe].

5. Aiseolas agus comhairle a chur ar fáil d'oideasóirí maidir le meastóireacht dhiagnóiseach ar ghalair thógálacha agus le cóireáil galar tógalach [83].
6. Oideasóirí ospidéal a oiliúint go rialta in úsáid stuama antaibheathach agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe maidir le treoirlínte fianaisebhunaithe um úsáid antaibheathach a chur chun feidhme san ospidéal [31,53].